Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**Lucsamburg, 16 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**13109/17**

**CSDP/PSDC 546**
**CFSP/PESC 870**
**POLMIL 116**
**COWEB 121**
**BIH 17**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Deireadh Fómhair 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12992/17 CSDP/PSDC 531 CFSP/PESC 854 POLMIL 108 COWEB 119 BIH 15 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin - Conclúidí ón gComhairle (16 Deireadh Fómhair 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3566ú cruinniú a bhí aici ar an 16 Deireadh Fómhair 2017.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN mBOISNIA AGUS AN HEIRSEAGAIVÉIN

1. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair a tiomantas aonchiallach maidir le dearcadh an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin mar thír aonair, aontaithe, cheannasach. Is oth leis an gComhairle go raibh roscaireacht scoilteach atá fréamhaithe san am a chuaigh thart le roinnt míonna anuas a chuir moill ar luas an athchóirithe agus a raibh tionchar aici ar an atmaisféar polaitiúil.

2. Meabhraíonn an Chomhairle di a thábhachtaí atá tiomantas na tíre do phróiseas lánpháirtithe an Aontais. Is díol sásaimh di gur glacadh na chéad chéimeanna i dtaca le coigeartuithe struchtúracha ar gheilleagar na Boisnia agus na Heirseagaivéine a bhuí do chur chun feidhme tosaigh an Chláir Oibre don Athchóiriú. Mar sin féin, impíonn sí ar na húdaráis dlús a chur le cur chun feidhme na n-athchóirithe uileghabhálacha, ar bhealach cuimsitheach, chun sochair na saoránach. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin dlús a chur le hiarrachtaí lena n-áirítear maidir le feidhmiú agus neamhspleáchas na mbreithiúna, leis an gcomhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe agus leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus leis an radacú a chosc.

3. Spreagann an Chomhairle freisin an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin leanúint den obair atá déanta freagra a thabhairt don Cheistneoir Tuairime ón gCoimisiún tríd an sásra comhordúcháin maidir le hábhair an Aontais. Iarrann an Chomhairle an athuair ar gach leibhéal den rialachas sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin éifeachtacht an tsásra comhordúcháin a áirithiú, lena n-áirítear chun críche freagraí comhchuibhithe agus comhdhlúthaithe ar an gCeistneoir Tuairime ón gCoimisiún a áirithiú.

4. Cé go n-aithnítear go liostaítear Boisniaigh, Crótaigh agus Seirbiaigh (chomh maith le Daoine Eile) mar phobail na tíre i mBunreacht Bhoisnia agus Heirseagaivéine, athdhearbhaíonn an Chomhairle go n-urramófar go hiomlán prionsabail chomhionannas gach saoránach agus an neamh-idirdhealaithe. Cuireann an Chomhairle i bhfáth nár cheart aon bheart reachtach nó polaitiúil a dhéanamh a chuirfeadh leis an dúshlán i ndáil le rialú Sejdić-Finci agus rialuithe gaolmhara a chur chun feidhme.

5. I dteannta na moltaí ó ESCE-OIDCD, nár cuireadh i bhfeidhm go fóill, chun feabhas breise a chur ar an gcreat toghchánach, tá an Chomhairle ag súil go dtabharfaidh an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin aghaidh, laistigh de na spriocdhátaí, ar rialú mhí na Nollag 2016 ó Chúirt Bhunreachtúil na Boisnia agus na Heirseagaivéine maidir le forálacha sonracha toghcháin i ndáil le hÁras Cónaidhme na bPobal. Measann an Chomhairle gur cheart tabhairt faoi athchóirithe toghcháin de chomhthoil agus le spiorad an idirphlé, mar ábhar tábhachtach, agus ar an dóigh sin iarrann sí freisin ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin na moltaí OSCE-ODHIR a chur chun feidhme d'fhonn an tír a bhogadh ar aghaidh i dtreo caighdeáin Eorpacha, a chuirfidh feabhas ar phróisis dhaonlathacha na dtoghchán amach anseo.

6. Ag an am céanna, leanann an tAontas Eorpach d'údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine a spreagadh, le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, dlús a chur lena n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhiúscairt armlóin bhreise agus ar ghlanadh mianach agus ar shaincheisteanna eile atá fós gan réiteach.

7. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Oibríocht Althea fós ann, ag a bhfuil an cumas i gcónaí rannchuidiú le hacmhainn díspreagtha údaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine i gcás inar gá sin, agus béim á leagan ag an am céanna ar fhorbairt acmhainní agus ar oiliúint. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid de straitéis iomlán an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach réidh chun leanúint le ról feidhmeach míleata Oibríocht Althea ag an bpointe seo chun tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus iad ag iarraidh timpeallacht shábháilte, shlán a choimeád faoi shainordú athnuaite ó na Náisiúin Aontaithe. Tá an Chomhairle ag súil le tíolacadh an Athchóirithe Straitéisigh dá bhforáiltear mar bhonn don phlé a dhéanfar leis na Ballstáit ar na roghanna atá ann do thodhchaí na hOibríochta, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus dul chun cinn á dhéanamh aici maidir lena próiseas lánpháirtithe leis an Aontas, ag cur san áireamh an staid slándála ar an láthair.

Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar le comhordú EUFOR Althea le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair.